Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/234

12.2.2026

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 249/2025**

**an 24 Deireadh Fómhair 2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/234]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2024/1849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/852 maidir le mearcair a mhéid a bhaineann le malgam fiaclóireachta agus táirgí eile ar cuireadh mearcair leo faoi réir srianta onnmhairiú, allmhairiú agus monarú ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasófar pointe 22a (Rialachán (AE) Uimh. 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE, mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach:

'— **32024 R 1849**: Rialachán (AE) 2024/1849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 (IO L, 2024/1849, 10.7.2024).'

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (d):

'(d) Ní bheidh feidhm ag na srianta ar onnmhairiú agus ar allmhairiú in Airteagail 3, 4, 5 agus 10(7) idir an tAontas agus Stáit CSTE. Tá an méid sin gan dochar do thoirmisc níos déine ar onnmhairiú agus ar allmhairiú atá ann i Stát CSTE tráth ionchorprú an Rialacháin seo i gComhaontú LEE. Déanfaidh Stáit CSTE bearta éifeachtacha chun a áirithiú nach n-onnmhairítear mearcair ón Aontas ná nach n-allmhairítear mearcair chuig an Aontas trí Stát CSTE.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2024/1849 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 25 Deireadh Fómhair 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

([1]) IO L 2024/1849, 10.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1849/oj.
(*) Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Stefán Haukur JÓHANNESSON